



An  
Bord  
Pleanála

**Cinneadh ceadúnais a achomharc  
i gcás fearas, cáblaí, comharthaí,  
troscán sráide nó míreanna eile  
ar bhóithre poiblí  
(Alt 254)**

Meitheamh 2020

**Plain  
English**  
Approved by NALA



## Maidir leis an treoir seo

Gheofar sa treoir seo eolas ar an tslí le cinntí ceadúnais a achomharc go bailí chun fearais, cáblaí, comharthaí, troscán sráid agus míreanna eile a chur ar, faoi, os cionn nó feadh bhóthar phoiblí.

Is féidir leat d'achomharc a chur chugainn ar an Foirm chun Cinneadh Ceadúnais faoi Alt 254 a Achomharc. Gheobhaidh tú an fhoirm ar ár suíomh gréasáin [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie) nó ó oifig An Bhoird Pleanála. Is féidir achomharc i scríbhinn a chur chugainn i gcónaí.

Is mar eolas ginearálta, cúnamh agus treoir amháin a fhoilsítear an treoir seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil é ar an reachtaíocht. Ní mór do léitheoirí cloí leis an bhforáil reachtúil a bhaineann lena gcás féin, agus comhairle a fháil ó shaineolaí más gá.

### Cosaint Sonraí

Ní úsáideann an Bord Pleanála do shonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí a sholáthar agus ár ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh. Scaipfear na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil ar pháirtithe eile lena mbaineann agus beidh siad ar fáil don phobal maidir le haon saincheist a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

Gheofar gach ráiteas beartais dár gcuid ar chosaint sonraí ag [www.pleanala.ie](http://www.pleanala.ie)

Tá Marc an Bhéarla Shoiléir bronnta ag NALA ar an doiciméad seo.



## Clár

<b>Maidir leis an treoir seo .....</b>	<b>2</b>
<b>Clár .....</b>	<b>3</b>
<b>Téarmaí .....</b>	<b>4</b>
<b>Eolas Cúlra .....</b>	<b>7</b>
<b>Cad dó ar gá ceadúnas? .....</b>	<b>7</b>
<b>Cad is achomharc ar chinneadh ceadúnais Alt 254 ann? .....</b>	<b>8</b>
<b>Cé atá i dteideal achomharc a dhéanamh? .....</b>	<b>8</b>
<b>Achomharc a dhéanamh.....</b>	<b>9</b>
Conas a dhéanaim achomharc in aghaidh Cinneadh Ceadúnais Alt 254? .....	9
Cé mhéad ama atá agam chun achomharc a dhéanamh maidir le Cinneadh Ceadúnais Alt 254? .....	9
Cé mhéad a chosnaíonn achomharc in aghaidh Cinneadh Ceadúnais Alt 254? .....	9
Conas is féidir liom íoc as m'achomharc in aghaidh Cinneadh Ceadúnais Alt 254? .....	9
Cad a chaithear a chur ar fáil san achomharc? .....	10
Cad é an seoladh don achomharc? .....	11
An bhfaighidh mé admháil má thugaim an t-achomharc do dhuine san oifig? .....	11
An bhfaighidh mé admháil má sheolaim an t-achomharc leis an bpost? .....	11
<b>Éisteachtaí ó bhéal.....</b>	<b>12</b>
Cad is éisteacht ó bhéal ann? .....	12
Conas a iarraim éisteacht ó bhéal? .....	12
<b>Tar éis d'achomharc a dhéanamh.....</b>	<b>13</b>
An bhfuil m'achomharc bailí nó neamhbhailí? .....	13
Céard é an chéad rud eile a dhéanaim más achomharc bailí é? .....	13
Cad a tharlaíonn i gcás achomharc neamhbhailí? .....	13
Cén fáth gur achomharc neamhbhailí é m'achomharc? .....	14
Cad é an chéad rud eile a dhéanann an Bord Pleanála? .....	14
Cad é an teorainn ama chun achomharc a dhéanamh?.....	15
An féidir liom m'achomharc a aistarraingt? .....	15
An mbreithneoidh an Bord m'achomharc má tá an t-iarraitas aistarraingthe ag an iarraitasóir?.....	15
An féidir leis an mBord achomharc a chaitheamh amach?.....	16
<b>Cinneadh an Bhoird .....</b>	<b>17</b>
Cad a chuirfidh an Bord san áireamh?.....	17
Cad iad na roghanna atá ag an mBord? .....	17
<b>Ceisteanna Coitianta.....</b>	<b>18</b>
<b>Reachtaíocht.....</b>	<b>20</b>
<b>Déan teagmháil linn .....</b>	<b>20</b>

## Téarmaí

Téarmaí a úsáidtear sa treoir seo:

<b>Acht</b>	Dlí atá achtaithe ag an Oireachtas (parlaimint) agus ceadaithe ag an Uachtarán.
<b>Gníomhaire</b>	Duine a ghníomhaíonn ar do shon in achomharc, iarratas nó tarchur.
<b>Achomharc</b>	Athbhreithniú ar an gcinneadh bunaidh a rinne údarás pleanála ar iarratas pleanála.
<b>Achomharcóir</b>	Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann achomharc. (Féach <b>Céad Pháirtí, Tríú Páirtí</b> , leis.)
<b>Iarratasóir</b>	Duine aonair nó eagraíocht a chuireann iarratas pleanála isteach chuig údarás pleanála. (Féach <b>Céad Pháirtí</b> , leis.)
<b>Bord</b>	Bord an Bhoird Pleanála.
<b>Céad pháirtí</b>	An té a iarrann cead pleanála maidir le forbairt bheartaithe. (Féach <b>Iarratasóir</b> , leis.)
<b>Fógrán</b>	Clár mór in áit phoiblí, a ngreamaítear fógraí de.
<b>Cigire</b>	Ball den fhoireann theicniúil a dhéanann cigireachtaí suímh, a ullmhaíonn tuarascáil ar an gcás pleanála agus a dhéanann moladh don Bhord chun cead a thabhairt nó dhiúltú.

<b>Neamhbhailí</b>	Ní chomhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.
<b>Ceadúnas</b>	Cead chun rud éigin a dhéanamh.
<b>Tuairim</b>	Doiciméad a chuireann <b>Breathnóir</b> isteach.
<b>Breathnóir</b>	Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir nó den achomharcóir, a thráchtann ar achomharc. (Féach <b>Tuairim</b> , leis.)
<b>Éisteacht ó bhéal</b>	Is cruinniú é éisteacht ó bhéal ag ar féidir gach saincheist i gcás a phlé agus a scrúdú.
<b>Údarás pleanála</b>	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar.
<b>Rialacháin</b>	Dlí nó rialacha a rinneadh faoi <b>Acht</b> nó uaireanta faoi ordú aire rialtais.
<b>Reachtúil</b>	Rud éigin a shocraítear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Dlí a achtaíonn an pharlaimint is ea an dlí reachtach.
<b>Riachtanais reachtúla</b>	Riachtanais atá ceangailte faoin dlí le go mbeadh cás bailí.
<b>Aighneacht</b>	Doiciméad maidir le hachomharc nó iarratas a bhféadfadh míreanna tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith san áireamh ann. (Is féidir doiciméad clóscríofa nó lámhscríofa a chur isteach.)

<b>Tríú páirtí</b>	Achomharc ó dhuine seachas an t-iarratasóir in aghaidh cinneadh a rinne údarás pleanála ar fhorbairt bheartaithe. (Féach <b>Achomharcóir</b> , leis.)
<b>Bailí</b>	Comhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneodh an Bord mar chás é.
<b>Muidne, ár, sinne</b>	An Bord Pleanála.
<b>Tusa</b>	Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.

## Eolas Cúlra

### Cad dó ar gá ceadúnas?

Beidh ceadúnas ón údarás pleanála uait chun na nithe seo a leanas a chur ar, faoi, os cionn no feadh bhóthar poiblí:

- meaisín díola
- mapa baile nó tírdhreacha chun treonna nó áiteanna a thaispeáint,
- claí, scafall nó mórchlár fógraíochta
- struchtúr fógraíochta,
- cábla, sreang nó píobán,
- bonneagar cumarsáide leictreonaí os cionn na talún agus aon bhonneagar fisiciúil gaolmhar cosúil le cuaille teileafóin nó cófra.
- both teileafóin nó bonn, nó
- aon fhearas, trealamh nó struchtúr a shonraítear sna rialacháin a rinne an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil nó faoi Acht den Oireachtas ar gá ceadúnas maidir leis.

Sampla coitianta is ea iarratas ar cheadúnas chun boird agus cathaoireacha a chur lasmuigh d'óstán, de bhialann, de theach tábhairne nó d'ionad eile. Ar an ábhar sin, uaireanta tugtar iarratas ar cheadúnas “troscán sráide” ar iarratas ar cheadúnas, cé go bhfuil mórchuid míreanna agus cásanna eile ina bhféadfadh ceadúnas a bheith de dhíth.

Gheofar tuilleadh eolais ar an tslí le cur isteach ar cheadúnas ó d'údarás pleanála áitiúil.

## **Cad is achomharc ar chinneadh ceadúnais Alt 254 ann?**

Is ionann achomharc ceadúnais Alt 254 agus achomharc ina ndéanann **údarás pleanála** cinneadh ar iarratas ar cheadúnas chun:

- ceadúnas a dheonú,
- ceadúnas a dhiúltú,
- ceadúnas a aistarraingt, nó
- leanúint de cheadúnas.

Is féidir cinneadh an údaráis pleanála a achomharc chuig an mBord Pleanála.

## **Cé atá i dteideal achomharc a dhéanamh?**

Féadfaidh duine ar bith achomharc a dhéanamh in aghaidh ceadúnas a dheonú, a dhiúltú, a aistarraingt nó a choimeád.



## Achomharc a dhéanamh

### Conas a dhéanaim achomharc in aghaidh Cinneadh Ceadúnais Alt 254?

Ní mór duit d'achomharc a dhéanamh i scríbhinn agus é a chur chugainn leis an bpost nó a thabhairt isteach san oifig chugainn. **Ní féidir** achomharc a dhéanamh ar líne faoi láthair. Tá Foirm Achomhairc in aghaidh Cinneadh Ceadúnais Alt 254 ann ar féidir leat é a líonadh isteach. Is féidir doiciméad a chlósscríobh nó a lámhscríobh. Mar sin féin, **ní** gá duit an fhoirm seo a líonadh isteach chun achomharc a dhéanamh. Is féidir an fhoirm a úsáid **nó** scríobh chugainn.

### Cé mhéad ama atá agam chun achomharc a dhéanamh maidir le Cinneadh Ceadúnais Alt 254?

Níl aon teorainn ama ann.

### Cé mhéad a chosnaíonn achomharc in aghaidh Cinneadh Ceadúnais Alt 254?

€220 a chosnaíonn achomharc. **Ní mór** duit féachaint chuige go gcuirtear an táille cheart isteach leis an achomharc.

### Conas is féidir liom íoc as m'achomharc in aghaidh Cinneadh Ceadúnais Alt 254?

Tá modhanna éagsúla ann chun táille a íoc leis an mBord Pleanála.

	Ag an deasc fáilte	Leis an bpost
Airgead tirim	✓ Glactar leo	Ní mholtar duit airgead tirim a chur chugainn riamh leis an bpost.
Cártaí Dochair agus Creidmheasa*	✓ Glactar leo	✗ Ní ghlactar leo
Seiceanna	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo
Dréachtaí baincéara	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo
Orduithe poist	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo

\*Tabhair ar aird nach nglacaimid le híocaíochtaí cárta creidmheasa nó dochair ar an bhfón.

Gheofar tuilleadh sonraí faoi Tháillí agus Muirir agus conas iad a íoc ar ár suíomh gréasáin.

## Cad a chaithear a chur ar fáil san achomharc?

Ba chóir duit forais d'achomhairc (na cúiseanna agus na hargóintí) agus aon mhír is mian leat a chur ar fáil a ullmhú go cúramach. **Ní bheidh** cead agat aon rud eile a chur isteach tar éis an achomharc a dhéanamh, ach amháin má iarraidimid ort. **Ní féidir** leis an mBord Pleanála aon saincheist a chur san áireamh nach saincheist phleanála í.

Chun achomharc iomlán bailí a dhéanamh:

✓	Ní mór duit an t-achomharc a dhéanamh i scríbhinn (clóscríofa nó lámhscríofa)
✓	Ní mór duit d'ainm agus do sheoladh a scríobh go soiléir. Más gníomhaire atá ag déanamh <b>an achomhairc ar do shon</b> , ní mór don ghníomhaire a ainm agus a sheoladh a thabhairt mar aon le d'ainmse agus do sheoladh.
✓	Ní mór duit dóthain mionsonraí a thabhairt le gur féidir an t-iarratas ar cheadúnas is mian leat a achomharc a aithint gan dua. Seo samplaí de na mionsonraí a nglacaimid leo: <ul style="list-style-type: none"><li>• cóip de chinneadh an údaráis pleanála, <b>nó</b></li><li>• ainm an údaráis pleanála agus uimhir thagartha an iarratais ar cheadúnas (mar shampla: Comhairle Cathrach Bhaile an Bhaile, 23719/18)</li></ul>
✓	Ní mór duit na nithe seo a leanas a chur ar fáil dúinn: <ul style="list-style-type: none"><li>• d'fhorais phleanála leis an achomharc (cúiseanna agus argóintí) as a leanann gur mian leat cinneadh an údaráis pleanála a athrú, <b>agus</b></li><li>• aon mhír eile is mian leat a chur leis chun tacú le d'fhorais achomhairc.</li></ul>
✓	Ní mór duit an táille chuí a íoc.

## Cad é an seoladh don achomharc?

Ní mór duit:

- é a chur leis an bpost chuig:

An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde,  
Baile Átha Cliath 1, D01 V902



nó

- é a thabhairt do bhall d'fhoireann An Bhoird Pleanála ag ár n-oifigí i Sráid Mhaoilbhríde (seoladh thuas) le linn uaireanta oifige - Ó Luan go hAoine, óna 9.15 ar maidin go dtí a 5.30 tráthnóna. Ní féidir leis an bhfoireann slándála san oifig glacadh le hachomhairc.



Cuimhnigh, **ná** cuir d'achomharc i mbosca litreacha na hoifige **agus** ná seol chugainn i **ríomhphost** é nó achomharc **neamhbhailí** a bheidh ann.

Bíonn an oifig dúnta ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire poiblí agus ar laethanta fógartha eile amhail Lá Nollag agus Aoine an Chéasta.

## An bhfaighidh mé admháil má thugaim an t-achomharc do dhuine san oifig?

Gheobhaidh. Má thugann tú an t-achomharc go dtí an oifig is féidir **admháil** a iarraidh, a déarfaidh go bhfuarthas d'achomharc san oifig. Nuair a thugann tú d'achomharc do bhall d'fhoireann an Bhoird Pleanála, ní féidir linn é a thabhairt ar ais duit ná fótachóip dhéanamh de do dhoiciméid agus ár stampa dáta orthu.

## An bhfaighidh mé admháil má sheolaim an t-achomharc leis an bpost?

Gheobhaidh tú admháil uainn leis an bpost.

# Éisteachtaí ó bhéal

## Cad is éisteacht ó bhéal ann?

Tionóltar éisteacht ó bhéal uaireanta mar chabhair dár gcigire chun tuilleadh eolais a bhailiú ó rannpháirtithe. Ní gnách don Bhord éisteacht a thionóil ach amháin mar áis chun tuiscint a fháil ar chás casta, **nó** má tá saincheisteanna suntasacha náisiúnta nó áitiúla i gceist iontu. Tá an chumhacht ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól ar iarratas nó in éagmais iarratais.

## Conas a iarraim éisteacht ó bhéal?

Chun éisteacht ó bhéal a iarraidh, ní mór iarratas ar éisteacht ó bhéal a dhéanamh. Chun iarratas a dhéanamh, **ní mór** duit:

- an bosca le hais “Tá, is mian liom éisteacht ó bhéal a iarraidh” a thiceáil ar an bhFoirm Achomhairc Cinneadh Ceadúnais Alt 254, **nó**
- scríobh chugainn agus éisteacht a iarraidh.

Ní mór duit **táille bhreise neamh-in-aisíoctha** de €50 a íoc agus **caithfear** d'iarratas a fháil in éineacht le d'achomharc.

Gheobhaidh tú eolas breise ar an tslí leis an iarratas a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin faoi “Éisteacht ó Bhéal a Iarraidh” nó trí theagmháil a dhéanamh linn.

## Tar éis d'achomharc a dhéanamh

### An bhfuil m'achomharc bailí nó neamhbhailí?

Tar éis d'achomharc a fháil, seiceálfaimid é féachaint an gcomhlíonann na riachtanais reachtúla chun achomharc bailí a dhéanamh. Mura gcomhlíonann, beidh sé neamhbhailí. An chéad rud eile ná go bhfaighidh tú litir uainn le rá leat:

- go bhfuaireamar d'achomharc, agus
- cibé an bhfuil d'achomharc bailí **nó** neamhbhailí.

### Céard é an chéad rud eile a dhéanaim más achomharc bailí é?

Más achomharc bailí é, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh ag an bpointe seo. Le linn an phróisis achomhairc, is féidir go bhfaighidh tú litir uainn mar gheall ar:

- tuairimí nó tráchtaí a iarrfar ort a thabhairt, b'fhéidir, ar rud éigin atá faighte againn,
- cinneadh an Bhoird éisteacht ó bhéal a thionól,
- mionsonraí éisteachta ó bhéal
- cathain is dóigh leis an mBord go ndéanfar a chinneadh nuair nach féidir é a dhéanamh laistigh den tréimhse 18 seachtaine.

Má scríobhaimid chugat, iarrtar ort déanamh de réir na dtreoracha nó na comhairle sa litir. Má bhíonn cabhair uait chun déanamh de réir na dtreoracha nó na comhairle, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn. Tabhair **uimhir thagartha an cháis achomhairc** ar an litir, ionas gur féidir linn do chás a aithint.

### Cad a tharlaíonn i gcás achomharc neamhbhailí?

Más achomharc neamhbhailí é, cuirfimid na doiciméid agus an táille ar ais chugat. Aisíocfaimid do tháille i bhfoirm seic. Ní féidir an t-achomharc a chur isteach arís ach amháin má chomhlíonann tú gach ceann de na riachtanais reachtúla.

## Cén fáth gur achomharc neamhbhailí é m'achomharc?

Seo cuid de na cúiseanna a mbíonn achomhairc neamhbhailí:

- ní chomhlíonann an t-achomharc gach ceann de na riachtanais reachtúla a ndéantar cur síos orthu sa treoir seo ar leathanach 10.
- má cuireadh an t-achomharc sa bhosca litreacha san oifig nó má cuireadh chugainn i ríomhphost é,

Gheofar mionsonraí eile mar gheall ar achomhairc neamhbhailí ar ár suíomh gréasáin.

## Cad é an chéad rud eile a dhéanann an Bord Pleanála?

Seolann an Bord Pleanála cóip de d'achomharc chuig:

- an údarás pleanála,
- an iarratasóir, agus
- chuig aon achomharcóir eile atá baineach leis an achomharc.

Bíonn **ceithre seachtaine** ag rannpháirtithe ón dáta ar a scríobhaimid an litir chun a gcuid tuairimí a chur in iúl, más mian leo. Ní féidir linn aird a thabhairt ar thuairimí a fhaigheann tar éis an dáta deiridh. Is féidir go scríobhfaimid chuig rannpháirtithe ag iarraidh aighneachtaí nó eolas orthu.

Breithneoidh cigire d'achomharc agus na doiciméid ar fad. De ghnáth, tugann siad cuairt ar an láithreán chun tuilleadh eolais a bhailiú agus grianghraif a ghlacadh dá dtuarascáil. Is féidir go mbeimid i dteagmháil leat chun am a shocrú do chuairt an chigire ar an láithreán, ach is féidir go rachaidh cigire go dtí an láithreán gan choinne má bhíonn siad in aice láimhe.

Tar éis an éisteacht ó bhéal a chríochnú, ullmhaíonn an cigire tuarascáil agus moladh don Bhord. Ansin déanfaidh an Bord cinneadh bunaithe ar na doiciméid uile sa chás.

### **Cad é an teorainn ama chun achomharc a dhéanamh?**

Tá cuspóir reachtúil ag an mBord cásanna a chinneadh, más féidir, laistigh de 18 seachtaine. Áirítear sa tréimhse 18 seachtaine aon tréimhsí iarratais a luadh cheana.

Mar shampla, má iarraidimid ort tuairim a thabhairt ar aighneacht laistigh de cheithre seachtaine, beidh na ceithre seachtaine sin ina gcuid den tréimhse achomhairc iomlán 18 seachtaine.

Mura féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh laistigh de 18 seachtaine, scríobhfaimid chuig na rannpháirtithe san achomharc chun é sin a chur in iúl dóibh.

Nuair a dhéanann an Bord cinneadh, seolfaimid litir agus cóip d'Ordú an Bhoird chugat chun an cinneadh a chur in iúl duit.

Gheofar tuilleadh eolais ar chinneadh an Bhoird ar ár suíomh gréasáin.

### **An féidir liom m'achomharc a aistarraingt?**

Is féidir achomharc a aistarraingt uair ar bith sula ndéantar an cinneadh. **Ní mór** duit scríobh chugainn á rá gur mian leat an t-achomharc a aistarraingt. Ní féidir an táille a aisíoc, faraor.

### **An mbreithneoidh an Bord m'achomharc má tá an t-iarratas aistarraingthe ag an iarratasóir?**

Ní bhreithneoidh. Ní féidir achomharc bailí a dhéanamh i gcás ina bhfuil iarratas aistarraingthe ag an iarratasóir.

## **An féidir leis an mBord achomharc a chaitheamh amach?**

Is féidir leis an mBord achomharc a chaitheamh amach má tá sé sásta:

- gur achomharc **cráiteach** é, atá ceaptha chun cur isteach ar dhuine éigin eile nó iad a chiapadh,
- gur achomharc **fánach** é, nach bhfuil aon bhunús leis,
- gur achomharc **gan bunús ná substaint** é,
- gur achomharc é a rinneadh **d'aonturas le moill a chur** ar an bhforbairt,
- gur achomharc é **a rinneadh chun íocaíocht** airgid, bronntanais nó cúiteamh a fháil ó dhuine éigin, nó
- **gur achomharc é a rinne duine nach féidir a shainnithint** (i dtuairim an Bhoird).



## **Cinneadh an Bhoird**

### **Cad a chuirfidh an Bord san áireamh?**

Agus an t-achomharc á bhreithniú, ní mór don Bhord na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair,
- aon chuid ábhartha den phlean forbartha nó den phlean limistéir áitiúil,
- líon agus suíomh na bhfearas, an trealaimh nó na struchtúr atá anois ar, faoi, os cionn nó feadh an bhóthair poiblí, agus
- áisiúlacht agus sábháilteacht úsáideoirí an bhóthair, coisithe san áireamh.

### **Cad iad na roghanna atá ag an mBord?**

Cinnfidh an Bord d'achomharc faoin gceadúnas a cheadú nó a dhícheadú. Ina chinneadh, féadfaidh an Bord treoracha a thabhairt don údarás pleanála chun:

- an ceadúnas a dheonú, nó
- an ceadúnas a aistarraingt, nó
- an ceadúnas a athrú.

Ceanglaítear ar an údarás pleanála Ordú an Bhoird a chomhlíonadh.

## Ceisteanna Coitianta

**An féidir an t-achomharc a chur isteach ar líne?**

Ní féidir i láthair na huaire.

**An féidir an táille a íoc ar an teileafón le cárta creidmheasa nó dochair?**

Ní féidir linn glacadh le híocaíochtaí táille ar an teileafón.

**An féidir an t-achomharc a chur isteach i bhfoirm facs agus an táille a sheoladh leis an bpost?**

Ní féidir. Chun achomharc bailí a dhéanamh, ní mór na doiciméid riachtanacha ar fad maille leis an táille cheart a chur isteach.

**An féidir liom achomharc gan ainm a dhéanamh?**

Ní féidir. Ní mór ainm agus seoladh iomlán a chur ar fáil le hachomharc.

**An féidir liom cruthúnas a fháil ar m'achomharc?**

Is féidir. Má thagann tú chun na hoifige chun an t-achomharc a thabhairt dúinn, tabharfaimid admháil duit go bhfuarthas d'achomharc. **Ní** deimhniú é an admháil seo gur achomharc bailí é. Is dona linn nach féidir fótachóip a thabhairt duit de do dhoiciméid achomhairc agus ár stampa dáta air.

**Cad a tharlaíonn i gcás achomharc neamhbhailí?**

Más achomharc neamhbhailí é, cuirfimid na doiciméid agus an táille ar ais chugat.

**Tá an Bord Pleanála tar éis m'achomharc neamhbhailí a chur ar ais chugam. An féidir liom an t-achomharc a chur isteach in athuair?**

Is féidir, ach na riachtanais **uile** atá luaite sa treoir seo a bheith comhlíonta.

### **An féidir liom tuairim a thabhairt gan achomharc a dhéanamh?**

Gheobhaidh. Is féidir leat bheith i do **bhreathnóir** i gcás ina ndearnadh achomharc bailí cheana féin in aghaidh chinneadh údaráis phleanála. Gheofar tuilleadh mionsonraí inár dTreoir maidir le Tuairim a Thabhairt ar an tslí le tuairim a chur in iúl.

### **An féidir an dlí a chur orm as rud a scríobhaim i m'achomharc?**

Is féidir. Níor cheart duit tagairt a dhéanamh ach do shaincheisteanna phleanála a bhaineann le hábhar. Gheofar tuilleadh eolais inár bhfógra maidir le haithisiú. Is ionann aithisiú agus ráiteas bréagach a dhéanamh mar gheall ar dhuine éigin eile a mhilleann a dheachaíl nó a deachaíl.

### **An féidir liom eolas breise a chur ar fáil tar éis m'achomharc a dhéanamh?**

Ní féidir aon eolas breise a thabhairt dúinn tar éis an t-achomharc a dhéanamh. Uaireanta iarraidimid ar dhaoine tuilleadh eolais a chur ar fáil nó freagairt a thabhairt ar aighneacht a rinneadh. Sa chás sin, ba chóir duit an freagra a chur isteach chugainn laistigh den tréimhse a shonróimid.

### **Conas is féidir liom a fháil amach má tá achomharc déanta maidir le cinneadh?**

Is féidir an áis chuardaigh ar an suíomh gréasáin a úsáid le féachaint an bhfuarthas achomharc ar chinneadh ina bhfuil leas agat. Cuirimid achomhairc nua leis an suíomh gréasáin gach Céadaoin. Tógann sé lá nó dhó breise um Nollaig agus ar laethanta saoire phoiblí.

## Reachtaíocht

Seo iad na dlíthe agus na rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, (leasaithe),
- Na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, (leasaithe).

## Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Buail isteach inár n-oifigí ag:	<b>An Bord Pleanála</b>
Scríobh chugainn ag:	<b>64 Sráid Mhaoilbhríde</b> <b>Baile Átha Cliath 1</b> <b>D01 V902</b>
Cuir glao gutháin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao áitiúil: 1890 275 175
Ríomhphost:	<a href="mailto:bord@pleanala.ie">bord@pleanala.ie</a>
Oscail ár suíomh gréasáin:	<a href="http://www.pleanala.ie">www.pleanala.ie</a>
Seol facs chugainn:	(01) 872 2684

An t-eagrán seo: Meitheamh 2020.